RIALACHÁN (AE) 2021/663 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Aibreán 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar chlóirdeacóin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 16(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagadh síos uasteorainneacha iarmhar (MRLanna) i gcás clóirdeacóin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), cuireadh cosc ar tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil clóirdeacón. Eascraíonn iarmhair chlóirdeacóin as éilliú comhshaoil san ithir, éilliú atá ann toisc gur baineadh úsáid as an gcomhdhúil mharthanach seo san am atá thart.

(3) An 12 Iúil 2019, thug údaráis inniúla na Fraince fógra don Choimisiún faoi dhá bheart éigeandála ([3]) ([4]) a glacadh ar an leibhéal náisiúnta de bhun Airteagal 54 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). I bhfianaise na dtuairimí ([6]) ([7]) ó Ghníomhaireacht na Fraince um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde, Comhshaoil agus Bia (ANSES), shocraigh an Fhrainc MRLanna náisiúnta i gcás clóirdeacóin i dtáirgí bó-ainmhí, caorach, gabhair, muc-ainmhí agus éineola ag luachanna níos ísle ná na luachanna is infheidhme faoi láthair faoi Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, chun cosaint tomhaltóirí i nGuadalúip agus i Martinique a áirithiú.

(4) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú a dhéanamh ar nochtadh tomhaltóirí maidir leis na MRLanna a mhol ANSES le haghaidh clóirdeacóin i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch.

(5) Chuir an tÚdarás ráiteas eolaíoch isteach maidir le clóirdeacón i dtáirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ([8]) i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Sa ráiteas sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil na MRLanna a mholtar i dtuairimí ANSES le haghaidh táirgí ainmhithe, arna slánú i gcomhréir le treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) i dtaca le MRL a ríomh, go bhfuil na MRLanna sin

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 7).

([3]) *Arrêté du 25 janvier 2019 modifiant l'arrêté du 30 juin 2008 relatif aux limites maximales applicables aux résidus de chlordécone que ne doivent pas dépasser certaines denrées alimentaires d'origine végétale et animale pour être reconnues propres à la consommation humaine (NOR:* [Ordú an 25 Eanáir 2019 lena leasaítear Ordú an 30 Meitheamh 2008 maidir le huasteorainneacha iarmhar clóirdeacóin. Níor cheart d'ábhar bia áirithe de bhunadh plandúil agus ainmhíoch a bheith níos mó ná na huasteorainneacha sin chun go n-aithneofaí é mar ábhar bia atá oiriúnach lena chaitheamh ag an duine]. AGRG1901040A).

([4]) *Arrêté du 23 mai 2019 modifiant l'arrêté du 25 janvier 2019 relatif aux limites maximales applicables aux résidus de chlordécone que ne doivent pas dépasser certaines denrées alimentaires d'origine végétale et animale pour être reconnues propres à la consommation humaine (NOR:* [Ordú an 23 Bealtaine 2019 lena leasaítear ordú an 25 Eanáir 2019 maidir le huasteorainneacha iarmhar clóirdeacóin. Níor cheart d'ábhar bia áirithe de bhunadh plandúil agus ainmhíoch a bheith níos mó ná na huasteorainneacha sin chun go n-aithneofaí é mar ábhar bia atá oiriúnach lena chaitheamh ag an duine]. AGRG1913466A).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([6]) *Note providing the scientific and technical support of the French Agency for Food, Environmental and Occupational Health and Safety in respect of the fixing of a maximum residue limit for chlordecone in fat for meat products (2018-SA-0202).* [Meabhrán lena soláthraítear tacaíocht eolaíoch agus theicniúil Ghníomhaireacht na Fraince um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde, Comhshaoil agus Bia maidir le huasteorainn iarmhar a shocrú i gcás clóirdeacóin i saill le haghaidh táirgí feola (2018-SA-0202)].

([7]) *Opinion of the French Agency for Food, Environmental and Occupational Health and Safety on the fixing of a maximum residue limit for chlordecone in muscle and fat for meat products (2018-SA-0265).* [Tuairim ó Ghníomhaireacht na Fraince um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde, Comhshaoil agus Bia maidir le huasteorainn iarmhar a shocrú i gcás matáin agus saille le haghaidh táirgí feola (2018-SA-0265)].

([8]) Ráiteas maidir leis an measúnú ar nochtadh bia i ndáil leis na huasleibhéil iarmhar shealadacha i gcás clóirdeacóin i dtáirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(3):6052.

inghlactha maidir le sábháilteacht tomhaltóirí. Le teagmháil ar feadh an tsaoil agus le teagmháil ghearrthéarmach i ngeall ar go leor de na táirgí ábhartha sin a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha. Ba cheart MRLanna clóirdeacóin a shocrú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ar bhonn sealadach. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; leis an athbhreithniú sin cuirfear san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 10 mbliana ó fhoilsiú an Rialacháin seo.

(6) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnó bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Samhain 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an cholúin a bhaineann le clóirdeacón:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Clóirdeacón (F)
(1)	(2)	(3)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	
0110000	**Torthaí citris**	0,02
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	**Cnónna crann**	
0120010	Almóinní	0,01 (*)
0120020	Cnónna Brasaíleacha	0,02
0120030	Cnónna caisiú	0,02
0120040	Castáin	0,01 (*)
0120050	Cnónna cócó	0,02
0120060	Cnónna coill	0,01 (*)
0120070	Macadaimia	0,01 (*)
0120080	Cnónna peacáin	0,01 (*)
0120090	Eithní cnónna péine	0,01 (*)
0120100	Cnónna pistéise	0,01 (*)
0120110	Gallchnónna	0,01 (*)
0120990	Eile (2)	0,01 (*)
0130000	**Torthaí póma**	0,01 (*)
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	
0130990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0140000	**Torthaí cloiche**	0,01 (*)
0140010	Aibreoga	
0140020	Silíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	**Caora agus torthaí beaga**	
0151000	(a) **fíonchaora**	
0151010	Fíonchaora boird	0,02
0151020	Fíniúnacha coiteanna	0,01 (*)
0152000	(b) **sútha talún**	0,02
0153000	(c) **torthaí cána**	0,01 (*)
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	0,01 (*)
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	0,02
0161000	(a) **craiceann inite**	
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	

(1)	(2)	(3)
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**	
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraígh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	0,02
0211000	(a) **prátaí**	
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	

(1)	(2)	(3)
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	**Glasraí bleibíní**	0,02
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	0.02
0231000	(a) **Solanaceae and Malvaceae**	
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**	
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	
0233010	Mealbhacáin	
0233020	Puimcíní	
0233030	Mealbhacáin uisce	
0233990	Eile (2)	
0234000	(d) **arbhar milis**	
0239000	(e) **glasraí a thugann torthaí**	
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	0,02
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	
0241010	Brocailí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	
0242000	(b) **praiseach chinn**	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	(d) **cálráibí**	
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**	
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	0,02
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	(b) **spionáistí agus duillí dá samhail**	0,02
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsleáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,02
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	0,02
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0260000	**Léagúim**	0,02
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	**Glasraí gais**	0,02
0270010	Lus súgach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	
0280010	Fungais shaothraithe	0,01 (*)
0280020	Fungais fhiáine	0,02
0280990	Caonaigh agus léicin	0,01 (*)
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	
0300010	Pónairí	0,02
0300020	Lintilí	0,02
0300030	Piseanna	0,01 (*)
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	0,01 (*)
0300990	Eile (2)	0,01 (*)
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	
0401000	**Olashíolta**	
0401010	Ros lín	0,01 (*)
0401020	Piseanna talún	0,02
0401030	Síolta poipín	0,01 (*)
0401040	Síolta seasamain	0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine	0,01 (*)
0401060	Síolta ráibe	0,01 (*)
0401070	Pónairí soighe	0,02
0401080	Síolta mustaird	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)
0401090	Síolta cadáis	0,02
0401100	Síolta puimcín	0,02
0401110	Síolta cróch bréige	0,01 (*)
0401120	Síolta borráiste	0,01 (*)
0401130	Caimilín	0,01 (*)
0401140	Síolta cnáibe	0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,02
0401990	Eile (2)	0,01 (*)
0402000	**Olathorthaí**	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,01 (*)
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme oila	0,02
0402040	Capac	0,02
0402990	Eile (2)	0,01 (*)
0500000	**GRÁNAIGH**	
0500010	Eorna	0,01 (*)
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,02
0500040	Muiléad coiteann	0,02
0500050	Coirce	0,01 (*)
0500060	Rís	0,01 (*)
0500070	Seagal	0,01 (*)
0500080	Sorgam	0,01 (*)
0500090	Cruithneacht	0,01 (*)
0500990	Eile (2)	0,01 (*)
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	0,02
0610000	**Taenna**	
0620000	**Pónairí caife**	
0630000	**Insiltí luibhe ó**	
0631000	(a) **bláthanna**	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) **fréamhacha**	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	
0640000	**Pónairí cócó**	
0650000	**Carúib**	
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,02
0800000	**SPÍOSRAÍ**	0,02
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitil	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	**Spíosraí ó choirt**	
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**	
0840010	Liocras	
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	**Spíosraí arail**	
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	0,01 (*)
0900020	Cánaí siúcra	0,02
0900030	Fréamhacha siocaire	0,01 (*)
0900990	Eile (2)	0,01 (*)
1000000	**TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - AINMHITHE TALÚN**	
1010000	**Tráchtearraí ó**	(+)
1011000	(a) **mucra**	**0,02**
1011010	Matán	
1011020	Saill	
1011030	An t-ae	
1011040	An duán	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1011990	Eile (2)	
1012000	(b) **bó-ainmhí**	
1012010	Matán	**0,02**
1012020	Saill	**0,03**
1012030	An t-ae	**0,02**
1012040	An duán	**0,02**
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	**0,02**
1012990	Eile (2)	**0,02**

(1)	(2)	(3)
1013000	(c) **caoirigh**	**0,02**
1013010	Matán	
1013020	Saill	
1013030	An t-ae	
1013040	An duán	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1013990	Eile (2)	
1014000	d) **gabhar**	**0,02**
1014010	Matán	
1014020	Saill	
1014030	An t-ae	
1014040	An duán	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1014990	Eile (2)	
1015000	(e) **each-ainmhí**	**0,02**
1015010	Matán	
1015020	Saill	
1015030	An t-ae	
1015040	An duán	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1015990	Eile (2)	
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	**0,02**
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**	**0,02**
1017010	Matán	
1017020	Saill	
1017030	An t-ae	
1017040	An duán	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1017990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
1020000	**Bainne**	0,02
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	**Uibheacha éan**	0,02
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	**Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)**	0,02
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,02
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,02
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,02
1100000	**TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**	
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**	
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**	

(*) Teorainn cinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I.

(F) = Intuaslagtha i saill

Clóirdeacón (F)

(+) Léiríonn sonraí monatóireachta go dtarlaíonn traséilliú dosheachanta. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil 10 mbliana ó dháta an fhoilsithe.

1010000 Tráchtearraí ó
1011000 (a) muc-ainmhithe
1012000 (b) bó-ainmhithe
1013000 (c) caoirigh
1014000 d) gabhair
1015000 (e) each-ainmhithe
1016000 (f) éanlaith chlóis
1017000 (g) ainmhithe talún feirme eile"